Note: Meastar gurbh é an dliteanas iomlán a bhí ar scéimeanna pinsin cheirde na seirbhíse poiblí amháil ar 31 Nollaig 2008 ná thart ar €108 billiún i dtéarmaí glan-luach reatha. Is ionann an figiúr seo agus an luach reatha atá ar na híocaíochtaí pinsean a bhfuiltear ag súil leo amach anseo leis an bhfoireann reatha agus lena gcéile le haghaidh na seirbhíse go dtí seo, in éineacht leis an dliteanas iomlán i leith na n-íocaíochtaí go léir amach anseo le pinsinéirí reatha agus lena gcéilí. Thángthas ar an bhfigiúr seo trí luacháil mhionsonraithe achtúireach ar scéimeanna seirbhíse poiblí. Tháinig an luacháil seo sna sála ar an gcur chuige a leagadh amach sa chaighdeán nua cuntasáíochta a d'eisigh an Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Cuntasáíochta san Eanáil Phoiblí, IPSAS 25.

RÁITEAS 1.14

Dliteanais faoi Ráthaíocht

Ar 31 Nollaig 2008, bhí an Rialtas tar éis íocaíocht dlite a ráthú ar oibleagáidí i dtaca le dliteanais a raibh amuigh de €5,016 milliún mar bhunairgead nó mar luach caipitiúil. Is é a bhí sna méideanna aonair ná caipiteal a cruinníodh agus ceangaltais a ndeachthas fúthu faoi réir reachtanna ábhartha.

	Méid Amuigh ar 31 Nollaig 2007	Athruithe i bhFiachais Ráthaithe I 2008	Méid Amuigh ar 31 Nollaig 2008
An Roinn Ábhartha agus Nádúr an Fhiachais	€000	€000	€000
Airgeadais			
Bank ACC ctp [Nóta 31]	63,487	(63,487)	-
An tAcht um Choinbhinsiún ACC-CEE i Lomé (Conarthaí Ráthaíochta idir an Stát agus An Banc Eorpach Infheistíochta), 1976	8,027	(402)	7,625
Iompair			
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	1,639	(1,639)	-
Córas Iompair Éireann	97,234	(13,634)	83,600

	Méid Amuigh ar 31 Nollaig 2007	Athruithe i bhFiachais Ráthaithe I 2008	Méid Amuigh ar 31 Nollaig 2008
An Roinn Ábhartha agus Nádúr an Fhiachais	€000	€000	€000
Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta			
Cork Opera House Co Ltd	1	(1)	-
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	308	17	325
Achtanna Árachais, 1953-1988			
Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha			
Bord Soláthair an Leictreachais	5,800	(5,800)	-
Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil			
Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe ctp	4,289,794	602,487	4,892,281
National Building Agency Ltd	168	(28)	140
An tAcht um Urrú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995	25,072	-	25,072
Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia			
Gníomhaireacht Idirghabhála na hÉireann	<u>6,826</u>	=	<u>6,826</u>
Iomlán	<u>4,498,356</u>	<u>517,513</u>	<u>5,015,869</u>

* Ní chuimsíonn an ráiteas seo méideanna faoi ráthaíocht faoi Scéim Ráthaíochta na mBanc, a bhfuil sé i gceist ag an Roinn Airgeadais a fhoilsiú in Iris Oifigiúil.

NÓTAÍ DO CHUID A hAON DE NA CUNTAIS AIRGEADAIS

Nóta

1. Is aistriú é an soláthar don Chiste Fiachmhúchta, ón gcuntas reatha go dtí an cuntas caipitiúil chun Bunairgead agus Ús atá dlite ar an bhFiach Náisiúnta a íoc. **[Cuntas Státchiste]**
2. Costas Fónaimh ar an bhFiachas Náisiúnta in 2008, mar a tuairiscíodh é cheana sa Ráiteas Státchiste deireadh bliana 2008, tá méadú air de €658,266 a léiríonn athrangú Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta idir iarmhéideanna úis agus féich de €592,220 i leith An Post agus €66,046 i leith Irish Life & Permanent plc. **[Cuntas Státchiste]**
3. Tá aon mhéideanna iarmharacha maidir le Dleacht Eastáit agus Cáin Rachmais an áireamh san figiúr do Cháin ar Fháltais Chaipitiúla **[Ráiteas 1.1]**
4. Tá sonraí an chaiteachais atá maoinithe i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta léirithe sna Meastacháin do na Seirbhísí Poiblí. **[Ráiteas 1.2]**
5. Is fáltais iad seo a ndéantar iad a íoc, le toiliú na Dála, isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste, seachas iad a vótáil chun caiteachas Ranna a fhritháireamh mar Leithghabhálacha-i-gCabhair. **[Ráiteas 1.2]**
6. Is iad na figiúirí taispeánta ná na méideanna a eisíodh chun an caiteachas reatha ar gach Vóta a mhaoiniú. Tá sonraí an chaiteachais, idir vótáilte agus iarbhír, le fáil sna meastacháin ar Chaiteachas Poiblí agus sna Cuntais Leithghabhála faoi seach. **[Ráiteas 1.3]**
7. Baineann na sonraí atá san áireamh le tuarastail, pinsin agus liúntais i gcúrsaí pá. Áiríodh íocaíochtaí le baintreacha na nIar-Uachtarán le Pinsin le haghaidh bhaintreacha agus leanaí na nIar-Uachtarán, Airí agus sealbhóirí eile oifige. **[Ráiteas 1.4]**
8. Tá difear idir iomlán na n-íocaíochtaí i 2008 agus an fíor-mhuirear ar an gCiste Lárnach le haghaidh 2008, de bharr na gnáthmhoille in íocaíocht na n-asbhaintí reachtúla agus deonacha, chomh maith le fáltais/aisíocaíochtaí a fuarthas i 2008. **[Ráiteas 1.4]**
9. Ciallaíonn "sealbhóirí oifige eile" daoine a raibh oifig acu mar: Rúnaí Parlaiminte, Aire Stáit, Ard-Aighne, Cean Comhairle, Leas-Cheann Comhairle, Cathaoirleach an tSeanaid nó Leas-Chathaoirleach an tSeanaid nó Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. **[Ráiteas 1.4]**

NÓTAÍ DO CHUID A hAON DE NA CUNTAIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta

10. Tá scaoilíocaíochtaí iníoctha le hAirí, le hAirí Stáit agus le hArd-Aighní nuair a scoireann siad de bheith in oifig; is ionann an liúntas tosaigh agus 75% de thuarastal Aire, ag laghdú go nialas thar thréimhse 2 bliana ar a mhéad. **[Ráiteas 1.4]**
11. Tá asbhaintí ó Cnaipshuimeanna go Breithiúna a bhaineann le ranníocaíochtaí Céilí agus Leanáí iníoctha don Vóta Aoisliúntais agus Liúntas Scoir. **[Ráiteas 1.4]**
12. Áiríodh an tsuim €217,099, rud arb ionann é agus an muirear ar an Státchiste i leith tuarastail agus liúntais áirithe breithiúna a íocadh ó chuntas fionraí sa Roinn Airgeadais idir Eanáir agus Lúnasa 2004, nuair a lorgaíodh comhairle an Ard-Aighne faoi mhuirear ceart a leithéid de chostais. Rinne an tArd-Aighne cinneadh i Lúnasa 2004 go mba cheart go n-íocfadh an Státchiste an muirear agus go raibh sé cúlghabhálach go dtí Eanáir 2004. Ach ní dhearnadh aistriú riachtanach an mhuirir ag an am ón gcuntas ar fionraí go dtí an Státchiste don thréimhse Eanáir go dtí Lúnasa 2004. **[Ráiteas 1.4]**
13. Togann íocaíochtaí le Buiséad an Aontas Eorpach san áireamh comhaontú a bhfuil déanta ag Éire faoin scéim Údarás Eorpach Singil. Ligeann an scéim seo do chomhlacht íoc as a dleacht custaim i mBallstáit A i leith eararí a allmhairíodh isteach i mBallstát B. I 2008 ba é éifeacht glan na comhaontuithe seo ná chun rannaíochtaí ó Éire go Buiséad AE a mhéadú suas le €63.8m. **[Ráiteas 1.5]**
14. Deintear na híocaíochtaí maidir le CBL agus INC ar bhonn meastacháin réamhaisnéis. Deintear athruithe sna blianta ina dhiadh seo fad is a thagann athbhreithniú ar na réamhaisnéis, le toradh go mbeidh meascán d'íocaíochtaí breise agus/nó aisíocaíochtaí maidir le ana chuid bhlianta. Chomh maith leis na hathruithe déanta i leith blianta roimhe seo ar na rannaíocaíochtaí, d'fhéadhfad méid áirithe athruithe bheith déanta ar íocaíochtaí na mBallstáit i rith bhliainan bhuiséad i leanúint glacadh le aon Bhuiséad Leasaitheach agus Forlíontach. **[Ráiteas 1.5]**

NÓTAÍ DO CHUID A hAON DE NA CUNTAIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta

15. Sonraí faoi liúntais bhliantúla do cheannairí parlaiminte na bpáirtithe cáilithe faoi Alt 1 den Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001 **[Ráiteas 1.6]**:-

	2007	2008
	€	€
Fianna Fáil	2,730,840	2,867,495
Fine Gael	2,435,378	2,845,637
Labour	1,399,651	1,536,057
Progressive Democrats	308,168	185,081
Green Party	347,518	371,893
Sinn Féin	297,321	326,078
Socialist Party	<u>22,408</u>	=
	<u>7,541,284</u>	<u>8,132,241</u>

16. Rinneadh íocaíochtaí faoin Acht um Chomhlachas Forbartha Idirnáisiúnta 1960 i dtreo athlíonadh na n-acmhainní den Chomhlachas, atá ina chomhlacht iasachta lamháltais de Ghrúpa an Bhainc Domhanda. **[Ráiteas 1.6]**
17. Íocaíocht le Marathon Petroleum Ireland Ltd. i leith cionmhaireacht cánach agus ríchíosanna a d'íoc Marathon leis an Stát i 2005 agus 2006. Déantar foráil le haghaidh íocaíochta pháirtí faoi Alt X de chomhaontú idir Marathon agus an Stát i 1959, inar cuimsíodh taiscéaladh agus forbairt Gháscheantar Chionn tSáile agus san Acht Airgeadais, 1992. **[Ráiteas 1.6]**
18. Áiríodh an tsuim €222,173.85 agus is ionann í agus tearcmhaoiniú an Phámháistir Ghinearálta ag an Státchiste maidir le blianachtaí agus pinsin a íocadh idir 1 Eanáir 2002 agus 31 Bealtaine 2005. **[Ráiteas 1.6]**

NÓTAÍ DO CHUID A hAON DE NA CUNTAIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta

19. Is iad na figiúirí taispeánta ná na méideanna a eisíodh chun caiteachas caipitiúil ar gach Vóta a mhaoiniú. Tá sonraí an chaiteachais, idir vótáilte agus iarbhír, le fáil sna meastacháin ar Chaiteachas Poiblí agus sna Cuntais Leithghabhála, faoi seach. **[Ráiteas 1.7]**
20. Táthar tar éis an t-iarmhéid tosaigh a athrú chun aird a thabhairt ar athranguithe a tuaraiscódh i gCuntas Ciste na nIasachtaí Áitiúla. Níl suim €49,000 a aisíocadh i leith Iasachtaí Gaeltachta san áireamh sna hiasachtaí comhiomlána a aisíocadh i 2008. **[Ráiteas 1.8]**
21. I gcomhréir le hAlt 10(3) den Acht um Aerfoirt Stáit, 2004, d'eisíodh 38,106 scair chuig an Aire Airgeadais ar an mbunú de Údarás Aerfort na Sionna agus Aerfort Chorcaí ar 16 Meán Fómhair, 2004. Faoi Acht, ní aistrefar sócmhainní ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath go dtí Údarás Aerfort na Sionna agus Chorcaí go dtí go bhfuil pleananna gnó formheasta ag an Aire Iompair agus ag an Aire Airgeadais. Dá réir n, tá sócmhainní Údarás Aerfort na Sionna agus Chorcaí araon san áireamh i bhfigiúr an Stáit do shócmhainní glan Údarás Aerfort Bhaile Forálann Alt 10 den Acht um Aerfoirt Stát, 2004 go mbeadh an scairchaipiteal tosaigh d'Údarás Aerfort na Sionainne agus Aerfort Chorcaí ag €38,106 an ceann. Faoi réir Dlí Cuideachtaí chaithfí 25% den scairchaipiteal tosaigh eisithe a íoc ag an ionchorprú. Bhí sé seo mar €9,527 do gach Údarás agus d'íoc an Roinn Iompair as.
[Ráiteas 1.9A]
22. Bunaíodh Aer Lingus go poiblí ar Stocmhalartáin na hÉireann agus na RA i rith 2006. Ba ionann gnáthscaireanna iomlána an Chomhlachta ar 31 Nollaig 2008 agus €772,695,000, arbh é €26,698,000 den scairchaipiteal iomlán a eisíodh. Is é an luach ainmniúil ar scaireanna an Chomhlachta ná €0.05 an ceann.

Ba ionann céatadán scairshealbhóireachta an Stáit ar 31 Nollaig 2008 agus 25.12%, arb ionann é agus scairshealbhóireacht €6,705,000 (gan athrú ón mbliain seo caite) chomh maith le scair glan-sócmhainní ar luach €194,101,000 (2007: €239,301,000). **[Ráiteas 1.9A]**
23. Tá 20% scairshealúchas ag an Stát i gComhlacht Crannchur Náisiúnta An Post, fochomhlacht de An Post. **[Ráiteas 1.9A]**

NÓTAÍ DO CHUID A hAON DE NA CUNTAIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta

24. Rinneadh foirceannadh ar NET nuair a rinne baill leachtú deonach ar 20 Nollaig 2007. I ndiaidh an leachtaithe dheonaigh, íocadh suim €26,709 ar ais leis an Státchiste i 2008 agus cláraíodh é i Ráiteas 1.12
25. Áiríonn an figiúr íocaíocht Ciste Lárnaigh €30,758 a rinneadh i 2007 mar chuid de ranniocaíocht an Státchiste le tionscadal deontas i gcabhair Interreg IIA. Ní raibh teastas scaire i leith na híocaíochta seo eisithe faoi 31 Nollaig 2008. **[Ráiteas 1.9A]**
26. Rinneadh íocaíocht Ciste Lárnaigh €597,156 le Comhlacht Calafóirt Dhún Dealgan i Lúnasa 2008, i bhfoirm ceannach scaire. Tá an infheistíocht seo le feiceáil sna figiúirí seo. Ní raibh teastas scaire i leith na híocaíochta seo eisithe faoi 31 Nollaig 2008.
[Ráiteas 1.9A]
27. Luaitear scairshealbhóireacht atá ainmnithe i ndollair SAM in euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar na dátaí bainteacha, ach amháin i gcás Bhanc Forbartha na hÁise agus an Chomhchiste Idirnáisiúnta um Thrácht-Earraí, áiteanna a mbeadh aon aisíocaíocht scaireanna a ceannaíodh i ndollair SAM déanta in Euro ar na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta ceannaigh na scaireanna.
[Ráiteas 1.9B]
28. Ní fuarthas aon scaireanna nua sna institiúidí seo i 2008, baineann an t-athrú sa luach le luaineacht sa ráta malairte. **[Ráiteas 1.9(B)]**
29. Scair na hÉireann d'aisíocaíochtaí iasachtaí AE don Tuirc faoin gComhaontú Comhaltais leis an tír sin. **[Ráiteas 1.10]**
30. Aisíocaíochtaí ráthaíochta déanta don EIB maidir le tíortha Tríú Domhanda ag mainneachtain ar íocaíochtaí faoi ráthaíocht. **[Ráiteas 1.13]**
31. Díoladh Banc ACC le Rabobank san Ísiltír i mí Feabhra 2002. D'fhorail Alt 6 den Acht um Banc ACC, 2001 go bhfanfadh na ráthaithe Stáit ar lá an díolta i bhfeidhm go dtí go mbíonn siad aibithe. Thug an ceannaitheoir frith-shlánaíocht don Aire Airgeadais do na ráthaíochtaí a bhí amuigh fós. Cinntíonn an tAcht freisin nach féidir ráthaíochtaí nua a thabhairt. **[Ráiteas 1.14]**

CUID A DÓ

**Ráitis Airgeadais Fhiach Náisiúnta na hÉireann
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008**

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Cúlra

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm iasachta agus Bainistíocht an Fhéich Náisiúnta a chomhlíonadh thar cheann an Aire Airgeadais mar aon le cibé feidhmeanna eile a dhéanfadh an Rialtas a tharmligean di.

Baineann na ráitis airgeadais ar leathanaigh 49 go dtí 54 le Fiach Náisiúnta na hÉireann. Tá foirm na ráiteas arna cheadú ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

An Bonn Cuntasaíochta

Is é an tslat tomhais bhunaidh ar glacadh leis ná costas stairiúil, ach amháin nuair a deirtear a mhalairt. Aithnítear idirbhearta ar bhonn cuntasaíochta airgid.

Ráiteas an Fhéich Náisiúnta ná ráiteas ar na méideanna go hiomlán de bhunairgead a bhí faighte ar iasacht ag Éirinn agus nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana, lúide na sócmhainní leachtacha a bhí ar fáil chun na dliteanais seo a fhuascailt ar an dáta céanna. Faoi reachtanna éagsúla ráthaíonn an tAire Airgeadais freisin iasachtaí a fhaigheann an Stát agus gníomhaireachtaí eile. Ní chuimsítear na ráthaíochtaí seo sna ráitis airgeadais seo.

Tréimhse Tuairiscithe

Tá an tréimhse tuairiscithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an t-airgeadra tuairiscithe ná an EURO a chuirtear in iúl les an gcomhartha €.

Fáltais agus Íocaíochtaí

Fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta trí Chuntas an Stáitchiste, Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh, agus Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC), taifeadtar iad ag am faighte nó am íochta an airgid.

Luacháil Dliteanas

Taifeadtar iarmhéideanna féich de réir luach pair infhuascailte.

Díorthaigh

Déantar comhaontuithe malairte agus ionstaimí airgeadais eile chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas an Fhéich Náisiúnta a riar. Torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le sain-idirbhearta iasachta, aithnítear iad de réir na n-idirbheart bunúsach. Na glan-sreabhaí ciste a eascraíonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le sain-idirbhearta iasachta, cuimsítear iad sna costais fónaimh ar fhiacha ag am faighte nó am íochta na gcistí. Nuair fhoirceanttar malairtí agus go gcomhshóitear iad le hionstraimí malairte eile, imríonn na sreabhaí ciste tionchar ar fhónamh fiachais de réir téarmaí na hionstraime leasaithe.

Airgeadraí Eachtracha

Déantar fáltais agus íocaíochtaí in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí dheireadh na bliana.

RÁITEAS 2.1

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

RÁITEAS UM FHÓNAMH FHÉICH

Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008

		2007	2008
		Costas Iomlán	Costas Iomlán
	Nótaí	€000	€000
Ús íoctha			
Fiach Méan / Fad-Téarma*	2	1,379,282	1,444,843
Fiach Gearrthéarma**	3	212,046	254,937
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta	4, 10	210,562	210,658
Gluaiseachtaí Eile	5	11,769	2,441
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	465,571	487,977
Taillí agus Costais	7	25,793	32,570
Costais NTMA		30,899	34,552
Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile		(194,840)	(368,432)
Costas Fónaimh Iomlán €	1	<u>2,141,082</u>	<u>2,099,546</u>

* Fiach Meán / Fad - Téarma, ná Fiach le haibíocht bhunúsach níos faide ar aghaidh ná aon bhliain amháin

** Fiach Gearrthéarma, sin Fiach le haibíocht bhunúsach nach faide ar aghaidh é ná aon bhliain amháin

Tá na **nótaí** ar leathanaigh 55 go 64 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

RÁITEAS 2.2

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

RÁITEAS UM FHÓNAMH FHÉICH

31 Nollaig 2008

	Nótaí	2007 €milliún	2008 €milliún
Fiach Meán / Fad - Téarma*			
Bannaí Rialtas na hÉireann atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann		30,946	41,863
Eisiúintí Bannaí Poiblí Eile de chuid Rialtas na hÉireann		35	
Íasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta		112	29
Nótaí Méantéarma		400	439
Fiach Ilghnéitheach		<u>69</u>	<u>15</u>
	8	31,562	42,346
Fiach Gearrthéarma**			
Páipéar Tráchtála	9	3,286	<u>21,783</u>
Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais	16	<u>2,258</u>	<u>2,605</u>
		5,544	24,388

RÁITEAS UM FHÓNAMH FHÉICH (ar lean.)

31 Nollaig 2008

	Nótaí	2007 €milliún	2008 €milliún
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta			
Teastais Choigiltis		2,223	2,533
Bannaí Coigiltis		1,675	1,952
Tráthchoigiltis Náisiúnta		409	432
Stampaí Coigiltis		2	2
Duaisbhannaí		<u>632</u>	<u>804</u>
	10	<u>4,941</u>	<u>5,723</u>
		42,047	72,457
Lúide Sócmhainní Leachtacha	11	<u>(4,487)</u>	<u>(22,059)</u>
Fiach Náisiúnta €	13	<u>37,560</u>	<u>50,398</u>

* Fiach Meán / Fad - Téarma, ná Fiach le haibíocht bhunúsach níos faide ar aghaidh ná aon bhliain amháin

** Fiach Gearrthéarma, sin Fiach le haibíocht bhunúsáíoch nach faide ar aghaidh é ná aon bhliain amháin

Tá na **nótaí** ar leathanaigh 55 go 64 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

RÁITEAS 2.3

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID AN FHÉICH NÁISIÚNTA

Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008

		2007	2008
	Nótaí	€'000	€'000
Gluaiseachtaí in iarmhéideanna Státchiste			
Iarmhéid Tosaigh i gCuntas an Státchiste	11	3,587,242	3,996,063
Taiscí Tráchtála	17	(490,000)	(300,000)
Gníomhaíocht um Iasachtaí (féach thíos)		<u>2,517,980</u>	<u>30,287,429</u>
		5,615,222	33,983,492
Barrachas / (Easnamh) an Státchiste		<u>(1,619,159)</u>	<u>(12,714,478)</u>
Iarmhéid Deiridh i gCuntas an Státchiste	11	<u>3,996,063</u>	<u>21,269,014</u>

	2007 Glan €'000	2008 Glan €'000	2008 Fáltais €'000	2008 Íocaíochtaí €'000
Gníomhaíocht um Iasachtaí				
Bannaí Rialtas na hÉireann atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	(288,659)	10,845,854	14,251,598	(3,405,744)
Eisiúintí Bannaí Poiblí Eile de chuid Rialtas na hÉireann	-	(35,242)	-	(35,242)
Íasachtaí ón mBhanc Eorpach Infheistíochta	-	(74,575)	-	(74,575)
Fiach Ilghnéitheach	(893)	(3,892)	7,229	(11,121)
Páipéar Tráchtála	3,179,775	18,425,348	171,283,883	(152,858,535)
Teastais Choigiltis	7,729	310,621	770,622	(460,001)
Bannaí Coigiltis	(33,863)	277,285	813,242	(535,957)
Tráthchoigiltis Náisiúnta	14,140	23,536	114,159	(90,623)
Stampaí Coigiltis	42,705	171,834	276,434	(104,600)
Iasachtaí ó Chistí Airí	(402,954)	346,660	26,937,289	(26,590,629)
Gníomhaíocht Iomlán Iasachtaí	2,517,980	30,287,429	214,454,456	(184,167,027)
Tráchtála Gníomhaíocht Iomlán Taiscí	(490,000)	(300,000)	52,308,000	(52,608,000)
Gníomhaíocht Iomlán	<u>2,027,980</u>	<u>29,987,429</u>	<u>266,762,456</u>	<u>(236,775,027)</u>
Cuntas an Stáitchiste	1,605,947	23,754,468	253,287,869	(229,533,401)
Cuntais Imreítigh Airgeadraí Eachtracha	14 422,033	6,232,961	13,474,587	(7,241,626)
	<u>2,027,980</u>	<u>29,987,429</u>	<u>266,762,456</u>	<u>(236,775,027)</u>

Tá na **nótaí** ar leathanaigh 55 go 64 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

RÁITEAS 2.4

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

RÁITEAS UM GHLUAISEACHT SAN FHIACH NÁISIÚNTA

Bliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2007 €'000	2008 €'000
Fiach Náisiúnta Tosaigh		35,917,567	37,559,513
Méadú / (Laghdú) i bhFiach Náisiúnta (ainmniúil)		<u>1,641,946</u>	<u>12,838,675</u>
Arbh ionann é agus:			
(Barrachas)/Easnamh Státchiste		1,619,159	12,714,478
Éifeacht Gluaiseachtaí sa Ráta Malairte Seachtrach		(22,394)	51,767
Tráinsiú Bannaí: glan-laghdú (farasbarr) fáltas thar dhliteanas ainmniúil		44,987	71,814
Cealúcháin Bannaí: glan-laghdú (farasbarr) costais chealúcháin thar dhliteanas ainmniúil		202	217
Gluaiseacht i gcomhardú reatha CFSC	11	(8)	408
Gluaiseachtaí Ainmniúla Eile		=	(9)
		<u>1,641,946</u>	<u>12,838,675</u>
Fiach Náisiúnta Deiridh €		37,559,513	50,398,188

Tá na **nótaí** ar leathanaigh 55 go 64 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nóta 1 Caiteachas Iomlán Fónaimh

	Nótaí	Gearrtha ar an gCuntas Imréitigh Airgeadra Eachtraigh €'000	Gearrtha ar an Lárchiste €'000	Gearrtha ar an CFSC €'000	Costais Iomlán Fónaimh 2008 €'000
Ús íoctha					
Fiach Meán / Fad-Téarma	2	14,062	120,446	1,310,335	1,444,843
Fiach Gearrthéarma	3	41,302	200,035	13,600	254,937
Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta	4, 10	-	64,673	145,985	210,658
Gluaiseachtaí Eile	5	6,176,725	(6,518,028)	343,744	2,441
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	-	-	487,977	487,977
Táillí agus Costais	7	275	32,295	-	32,570
Costais GBCN		597	33,955	-	34,552
Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile		=	=	<u>(368,432)</u>	(368,432)
		6,232,961	(6,066,624)	1,933,209	2,099,546
Gluaiseacht Idir Cuntais		=	<u>1,932,801</u>	<u>(1,932,801)</u>	=
Glan-airgead a íocadh		<u>6,232,961</u>	<u>(4,133,823)</u>	<u>(408)</u>	<u>2,099,546</u>

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 2 - Ús ar Fhiach Meán / Fad-Téarma

	Costas Iomlán 2007 €'000	Costas Iomlán 2008 €'000
Bannaí Rialtas na hÉireann atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	1,349,691	1,410,587
Eisiúintí Bannaí Poiblí Eile de chuid Rialtas na hÉireann	4,706	4,219
Socrúcháin Phríobháideacha	-	-
Íasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta	8,922	8,020
Nótaí Méantéarma	16,635	15,471
Fiach Ilghnéitheach	(672)	6,546
	<u>1,379,282</u>	<u>1,444,843</u>

Nóta 3 - Ús ar Fhiachas Gearrthéarma

	Total Cost 2007 €'000	Total Cost 2008 €'000
Páipéar Tráchtála	170,881	215,224
Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais	<u>41,165</u>	<u>39,713</u>
	<u>212,046</u>	<u>254,937</u>

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 4 - Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

	Costas Iomlán 2007 €'000	Costas Iomlán 2008 €'000
Teastais Choigiltis	305,164	214,765
Bannaí Coigiltis	97,864	55,007
Tráthchoigiltis Náisiúnta	29,509	21,795
Duaiseanna i dtaca le Duaisbhannaí	15,944	20,260
Cúlchiste Mionchoigilteas (Nóta 10)	<u>(237,919)</u>	<u>(101,169)</u>
	<u>210,562</u>	<u>210,658</u>

San áireamh in Íocaíochtaí ar Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta i 2006 tá aistriú chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin i leith úis caipitlithe carntha ar chuntais áirithe measta a bheith díomhaoin ag An Post faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001. Tá na méideanna glan aistriú i 2008 mar a leanas:

	€'000
Teastais Choigiltis	(6,652)
Bannaí Coigiltis	63
Tráthchoigiltis Náisiúnta	<u>(51)</u>
	<u>(6,640)</u>

Nóta 5 - Gluaiseachtaí Eile

Faoi réir a théarmaí tagartha, téann an NTMA i mbun réimse idirbhearta bainistíochta fiachais, agus díorthaighigh san áireamh (féach Nóta 12).

Léiríonn an figiúr seo na glan-sreabhaí airgid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 6 - Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta

Faoin Acht Airgeadais 1950 soláthraíodh méideanna sainithe chun fiach a fhuascailt. Is iad seo a leanas na suimeanna a soláthraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm in 2008:

	2008
	€'000
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 14)	<u>487,977</u>
	<u>487,977</u>

Nóta 7 - Táillí agus Costais

	Costas Iomlán 2007	Costas Iomlán 2008
	€'000	€'000
Costas Bhannaí Rialtas na hÉireann	-	-
Costais Teastais Choigiltis	5,092	5,837
Costais Duaisbhannaí	7,357	8,598
Costais Bhannaí Coigiltis	4,715	5,147
Costais Tráthchoigiltis Náisiúnta	1,677	1,821
Costais Stampaí Coigiltis	1,042	528
Costais Iasachtaí Eachtracha	<u>5,910</u>	<u>10,639</u>
	<u>25,793</u>	<u>32,570</u>

Nóta 8 - Fiach Meán / Fad-Téarma

Agus na hidirbhearta bainistíochta cisteáin atá déanta ag an nGníomhaireacht á chur san áireamh, is mar a leanas atá próifíl aibíochta an Fhéich Mheán / Fad-Téarma:

	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2006	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2007
	€milliúin	€milliúin
Fiach dlí le n-aisíoc laistigh de 1 bhliain	141	5,101
Fiach dlí le n-aisíoc idir 2 agus 5 bliana	6,330	11,242
Fiach dlí le n-aisíoc níos faide ar aghaidh ná 5 bliana	<u>25,091</u>	<u>26,003</u>
	<u>31,562</u>	<u>42,346</u>

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 9 - Páipéar Tráchtála

Eisíonn an NTMA páipéar tráchtála gearrthéarmach de bhlianta suas le 1 bhliain amháin chun cistí gearrthéarmacha a bhailiú ó na margáí idirnáisiúnta airgid. Úsáidtear na fáiltais chun easnamh an Stáitchiste a mhaoiniú agus mar airgeadas idirlinne in íoc na bhfiach fadtéarmach agus do chuspóirí bainistíochta leachtachta eile. D'fhéadfaí iasachtaí a fháil in airgeadraí éagsúla, ach tiontaítear gach iasacht nach bhfuil in euro ina euro le conarthaí malairte eachtraí. D'úsáid an NTMA eisiúint an pháipéir tráchtála ghearrthearmaigh chun iarmhéideanna airgid an Stáitchiste a thógáil ag deireadh 2008.

Nóta 10 - Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis

I 2008, ba í an íocaíocht úis chomhlán ar na scéimeanna coigiltis ná €311m, ach nuair a bhí an tarraingt anuas ón gCúlchiste Coigiltis Bhig €101M creidiúnaithe i gcoinne an Chiste Lárnaigh, bhí glan-chostas úis €210m i gceist.

Tá na méideanna a thaispeántar i dtaca le Teastais Choigiltis, Tráthchoigiltis Náisiúnta agus Duaisbhannaí glan de €14.7 milliún (2007: €10.3 milliún). Is iarmhéideanna airgid iad seo atá i seilbh An Post, Banc BTI, agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoir do na scéimeanna faoi seach.

Ós rud é go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid ní chuimsíonn na dliteanais an tsuim de €653 milliún, (2007: €780 milliún), arbh é sin an méid a measadh mar ús fabhráithe ar 31 Nollaig 2008 i dtaca le Bannaí Coigiltis, Teastais Choigiltis agus Tráthchoigiltis Náisiúnta.

Foráladh in Alt 160 den Acht Airgeadais 1994 go mbunófaí ciste dár teideal an Cúlchiste Mionchoigilteas. Foráladh go n-íocfaí €76 milliún isteach sa chiste in 1994, agus go n-íocfaí i ngach bliain dar gcionn cibé suimeanna, nó suim ar bith, faoi mar a chinnfeadh an tAire Airgeadais. In aon bhliain fhéilire, má bhíonn an t-ús ar íocaíochtaí bearta sóinseála i leith mionchoigiltis níos mó ná 11% den ús fabhráithe iomlán ar na coigiltis sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, is féidir acmhainní an chiste a fheidhmiú chun an oiread sin de na híocaíochtaí úis sin a shásamh atá, mar chéatadán den ús iomlán fabhráithe réamhráite, níos mó ná 11%. Ba ionann an costas úis iarbhir do 2008 agus 27.01 faoin gcéad den ús a bhí fabhráithe ar 31 Nollaig 2007 de €780m.

	€milliún	
Ús fabhráithe measta ar 31 Nollaig 2008		653
Iarmhéidar 1 Eanáir 2008	(344)	
Méid a soláthraíodh i rith 2008 [Notá 4]	101	
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2008 (Nóta 16)		<u>(243)</u>
Ús fabhráithe measta nár soláthraíodh dó ar 31 Nollaig 2008		<u>410</u>
Aistrítear an t-iarmhéid sa Chiste go dtí an Stáitchiste mar chuid d'iasachtaí ó chistí atá faoi rialú an Aire Airgeadais.		

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 11 - Sócmhainní Leachtacha

	Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2008	Gluaiseacht aí i rith 2008	Iarmhéid deiridh ar 31 Nollaig 2008
	€'000	€'000	€'000
Cuntas an Státhiste	3,996,063	17,272,951	21,269,014
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla Iarmhéid Reatha (Nóta 14)	842	(408)	434
Taiscí Tráchtála Bainc	490,000	300,000	790,000
	<u>4,486,905</u>	<u>17,572,543</u>	<u>22,059,448</u>

Nóta 12 - Díorthaigh

Mar gheall ar an bhfreagracht atá ar an nGníomhaireacht maidir le fiach nua a eisiúint agus fiach aibithe a aisíoc, mar aon leis an ráta úis agus próifíl airgeadra na punainne iomláine féich a bhainistiú, is gné lárnach criticiúil é de ghnó na Gníomhaireachta cúrsaí fiontair a láimhseáil. Is iad na príomhchatagóirí fiontair a eascraíonn as imeachtaí na Gníomhaireachta ná fiontar leachtachta, fiontar margáí, fiontar creidmheasa frithpháirtí agus fiontar feidhme. Sna réimsí seo go léir tá polasaithe agus gnáthaimh chuimsitheacha ag an nGníomhaireacht chun an fiontar atá i gceist a thomhas agus a smachtú.

Bíonn géarghá ag an nGníomhaireacht i gcónaí a chinntiú gur féidir riachtanais maoinithe na todhchaí a shásamh go réidh. Ar deireadh thiar, is é an gnó is criticiúla ag an nGníomhaireacht ná an leachtacht a chosaint. Is féidir fiontair i leith an Fhéich Náisiúnta a eascairt as imeachtaí intíre nó, de thoradh na dlúthnasc idir margáí, as cúrsaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Gníomhaireacht an fiontar seo a bhainistiú go príomha trí smacht a choinneáil ar mhéid na ndliteanas a thagann chun aibíochta laistigh d'aon tréimhse ama faoi leith. Daingnítear é seo le bearta na Gníomhaireachta chun bonn mar infheisteoir dea-eolach ilghnéitheach a fhorbairt, trína láithreachas a chothú sna mórmhargáí caipitil go léir agus trí réimse na n-ionstraimí féich a eisiúint sé a leathnú.

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Is ionann fiontar margaidh agus an fiontar go méadófar ar chostais fónaimh fiachais agus ar luach iomlán an fiachais sa mhargadh de bharr athruithe ar rátaí úis mhargaidh nó ar rátaí malairte. Caithfidh an Ghníomhaireacht súil a choinneáil ar chuspóirí meántearma agus gearrthearma, mar is gnó dó costais fónaimh fiachais fhioscaigh atá ar na gaobhair a rialú agus smacht a choinneáil ar luach reatha na n-íocaíochtaí go léir sa todhchaí i leith bunairgid agus úis. Tá iasachtaí atá ar rátaí úis seasta i mbaol ó luacháil an mhargaidh má théann rátaí úis i laghad. Cé gur lú an baol ná sin i gcás ráta úis seasta, is mó an fiontar a bhaineann le ráta úis comhlúthach maidir le costas fíoscach chun fónamh ar an bhfiach sa gharthearma. Caithfear an chothromaíocht idir dliteanais ar rátaí seasta agus comhlúthacha a riar le haghaidh na punainne intíre agus na bpunann airgeadraí eachtracha. Rialáitear an baol ó fhiontar ráta úis agus margaidh trí theorainn a chur le comhchruinniú airgeadra agus ráta úis na punainne. Tá teorainneacha cainníochtúla i bhfeidhm chun smacht a chur ar fhiontar margaidh; cuirtear tuairiscí go rialta ar an mbaol maidir leis na teorainneacha seo chuig bainisteoirí punainne agus chuig an mbainistíocht shinsearach. Féachann an Ghníomhaireacht leis an trádmhalartú is fearr a bhaint amach san iomlán idir costas agus fiontar. De réir mar a athraíonn cúinsí sna margáí airgeadais déantar athmheasúnú ar an ráta úis cuí agus ar phróifíl airgeadra na punainne.

Eascraíonn fiontar i dtaobh creidmheasa frithpháirtithe ó dhíorthaithigh, ó thaiscís agus ó idirbhearta malairte eachtraí. Íoslaghdaítear leibhéal fiontar creidmheasa trí dhéileáil le frithpháirtithe ardchreidmheasa amháin. Tá gnáthaimh ann chun teorainneacha fiontair a cheadú i gcás gach cineál frithpháirtí, agus tuairiscítear na baoil gach lá don bhainistíocht. Déantar athmheasúnú go tréimhsiúil ar na teorainneacha go léir chun athruithe i stádas creidmheasa frithpháirtithe nó i gcúrsaí geilleagracha agus polaitiúla a chur san áireamh.

Tá smachtanna cuimsitheacha ann chun a chinntiú go riartar fiontair feidhme ar bhonn críonna. Ar na smachtanna seo tá dualgais a dheighilt ó chéile, idir déileáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairiscí.

Mar chuid de straitéis na Gníomhaireachta chun fiontair a ionramháil, úsáidtear meascán de dhíorthaigh ar a mbíonn malairtí rátaí úis, malairtí airgeadraí agus conarthaí malairtí eachtracha. Léiríonn an tábla seo a leanas luachainmniúil na n-ionstraimí a úsáidtear agus a luach faoi láthair.

	31 Nollaig 2007		31 Nollaig 2008	
	Ainmniúil	Luach faoi láthair	Ainmniúil	Luach faoi láthair
	€milliúin	€milliúin	€milliúin	€milliúin
Malairtí Rátaí Úis	354	(5)	280	(10)
Malairtí Airgeadraí agus Conarthaí Malairte Eachtracha	1,068	(62)	7,395	(64)
	1,422	(67)	7,675	(74)

Cinntítear Luach Faoi Láthair ionstraime trí ráta úis cuí a úsáid chun a shreabhaí airgid go léir sa todhchaí a lascainiú go dtí a luach faoi láthair.

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 13 - Fiach Náisiúnta

Fálaíonn an Gníomhaireacht príocal airgeadraí eachtracha an Fhéich Náisiúnta trí úsáid conarthaí réamh-mhalairte airgeadraí eachtracha agus trí bhabhtáil airgeadraí. Ag cur san áireamh na hidirbhearta bainistíochta cisteáin atá déanta ag an nGníomhaireacht, is mar a leanas atá comhdhéanamh an Fhéich Náisiúnta:

Airgeadra	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2008	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2007
	€milliún	€milliún
Fiach Ionstraimí		
Euro*	43,129	36,564
US€	5,148	702
Pounds Sterling	768	264
Japanese Yen	313	75
Swiss Franc	875	-
Swedish Krona	44	-
Coimhthíoch Airgeadra & Conarthaí Mhalartú		
Euro*	7,394	1,000
US€	(5,243)	(706)
Pounds Sterling	(777)	(263)
Japanese Yen	(316)	(76)
Swiss Franc	(892)	-
Swedish Krona	(45)	-
Fiach Náisiúnta	50,398	37,560

*This figure is net of liquid assets as at 31 December 2008 of €22,059 million (31 December 2007: €4,487 million).

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 14 - Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Úsáidtear an cuntas seo mar thaifead ar:

- (a) íocaíochtaí úis agus bunairgid as blianacht bhliantúil atá cumtha chun iasachtaí le haghaidh caipiteal vótáilte a amúchadh faoi Alt 22(7) den Acht Airgeadais, 1950.
- (b) fháltais agus íocaíochtaí áirithe a eascraíonn as fónamh fhéich agus as idirbhearta bainistíochta féich atá údaraithe faoi Alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1998 agus faoi Alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

Nóta 15 - Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

€'000

Iarmhéid ar 1 Eanáir 2008

NIL

Ús taisce faighte

Méideanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [S67 (8)]

7,653,479

Méideanna a íocadh faoin Acht Airgeadais 1970 [S54 (7)]

(13,830,204)

(6,176,725)

Fáltais ó Iasachtaí Airgeadra Eachtraigh

13,474,587

Íocaíochtaí ar Iasachtaí Airgeadra Eachtraigh

(7,241,626)

6,232,961

Ús a íocadh ar Iasachtaí Airgeadra Eachtraigh **(Nóta 1)**

- Fiach Meán / Fad-téarma

(14,062)

- Fiach Gearrthéarma

(41,302)

(55,364)

Costais ar Iasachtaí Airgeadra Eachtraigh **(Nóta 1)**

(275)

Costais NTMA

(597)

Iarmhéid ar 31 Nollaig 2008

Nil

FIACH NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (ar lean)

Nóta 16 - Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais

Is iasachtaí gearrthearma ag an Státchiste na cistí seo a tharraingítear síos mar "mhodhanna is mheáin" chun riachtanais Státchiste a mhaoiniú as roinnt cistí faoi rialú an Aire Airgeadais.

	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2007	Mar a bhí ar 31 Nollaig 2008
	€milliún	€milliún
Ciste Bhanc Coigiltis Oifig an Phoist	1,157	1,545
Cúlchiste Mionchoigiltas	344	243
Ulysses Securitisation plc	127	127
Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce	<u>630</u>	<u>690</u>
	<u>2,258</u>	<u>2,605</u>

Notá 17 - Gníomhaíocht Taisce

Déanann an NTMA taiscí gearrthéarmacha do bhlianta suas go dtí 1 bhliain, ar mhaithe le bainistíocht leachtachta.

